AMÓS

Réamhrá

1 Briathra Amós, aoire de chuid Theacóá. Fís a bhí aige faoi Iosrael i laethanta Uiziá, rí
Iúdá, agus i laethanta Iarobám mac Ióáis, rí Iosrael, dhá bhliain roimh an gcrith talún.
2 Agus dúirt sé:

Tá an Tiarna ag búiríl ó Shíón,
ag labhairt os ard ó Iarúsailéim.
Tá féarach na n-aoirí ruadhóite,
agus mullach Chairmeil ag feo.

Breithiúnas ar Iosrael agus a Chomharsana

An Damaisc agus na Feorainn

3 Mar seo a deir an Tiarna:

In éiric thrí pheaca na Damaisce,
in éiric a ceithre pheaca,
ní rachaidh mé siar ar mo dhaorbhreith.

De bhrí gur lasc siad Gileád le súiste iarainn,
4 teilgfidh mé tine síos ar theach Hazáéil,
a dhófaidh caisleáin Bhein Hadad;
5 brisfidh mé barraí gheata na Damaisce
agus dítheoidh mé áitritheoirí Ghleann Áivin
agus rialtóir Bhéit Eidin;
agus rachaidh muintir na Síre ar deoraíocht go Cír,
a deir an Tiarna.

6 Mar seo a deir an Tiarna:

In éiric thrí pheaca Ghazá,
In éiric a cheithre pheaca,
ní rachaidh mé siar ar an bpionós.
De bhrí gur dhíbir siad cine iomlán
mar bhránna go hEadóm,
7 teilgfidh mé tine síos ar bhalla Ghazá
a dhófaidh a páláis;
8 díbreoidh mé áitritheoirí Aisdeod
agus rialtóir Aiscileon;
agus iompóidh mé mo lámh in aghaidh Eacrón
agus bascfar an Filistíneach deireanach,
a deir an Tiarna Dia.

9 Mar seo a deir an Tiarna:

In éiric thrí pheaca na Tuíre,
in éiric a ceithre pheaca,
ní rachaidh mé siar ar mo dhaorbhreith.
De bhrí gur dhíbir siad cine iomlán
mar bhránna go hEadóm
agus nár chuimhin leo conradh na mbráithre,
10 teilgfidh mé tine síos ar bhalla na Tuíre
a dhófaidh go talamh a páláis.

11 Mar seo a deir an Tiarna:

In éiric thrí pheaca Eadóm,
in éiric a cheithre pheaca,
ní rachaidh mé siar ar mo dhaorbhreith.
De bhrí gur chiap sé a dheartháir leis an gclaíomh
agus gur rad uaidh gach uile thrua,
go mbíodh sé i gcónaí confach
agus gur chothaigh ann féin de shíor an fhearg,
12 teilgfidh mé tine síos ar Théamán
a dhófaidh go talamh páláis Bhozrá.

13 Mar seo a deir an Tiarna:

In éiric thrí pheaca chlann Amón,
in éiric a gceithre pheaca,
ní rachaidh mé siar ar mo dhaorbhreith.
De bhrí gur scoilt siad mná Ghileád
a bhí ag iompar clainne
ionas go leathnóidís a gcríocha féin,
14 lasfaidh mé tine i mballa Rabá
agus dófaidh sí a páláis
le gáir lá an chatha,
le stoirm lá na doininne;
15 agus rachaidh a rí ar deoraíocht,
é féin agus a phrionsaí leis,
a deir an Tiarna.

2 Mar seo a deir an Tiarna:

In éiric thrí pheaca Mhóáb,
in éiric a cheithre pheaca,
ní rachaidh mé siar ar mo dhaorbhreith.

De bhrí go ndearna sé luaith de chnámha rí Eadóm,
2 teilgfidh mé tine síos ar Mhóáb
agus dófaidh sí páláis Chiríot,
éagfaidh Móáb le linn an chlampair,
le linn gártha agus fuaim an trumpa;
3 scriosfaidh mé an taoiseach óna lár
agus maróidh mé gach prionsa leis,
a deir an Tiarna.

Breithiúnas ar Iúdá

4 Mar seo a deir an Tiarna:

In éiric thrí pheaca Iúdá,
in éiric a cheithre pheaca,
ní rachaidh mé siar ar mo dhaorbhreith.
De bhrí gur thug siad a gcúl le dlí an Tiarna
agus nár choinnigh siad a aitheanta,
ach gur chuir na déithe bréige a lean a n-aithreacha ar seachrán iad,
5 teilgfidh mé tine síos ar Iúdá
agus dófaidh sí páláis Iarúsailéim.

Teachtaireacht Dé chuig Iosrael

6 Mar seo a deir an Tiarna:

In éiric thrí pheaca Iosrael,
in éiric a cheithre pheaca,
ní rachaidh mé siar ar mo dhaorbhreith.
De bhrí gur dhíol siad an fíréan i ngeall ar airgead
agus an bochtán i ngeall ar phéire cuarán,
7 de bhrí go satlaíonn siad ar cheann an bhochtáin
agus go gcaitheann siad an dearóil ar leataobh,
de bhrí go dtaithíonn an t-athair agus an mac
an striapach chéanna,
rud is masla do m'ainm naofa,
8 de bhrí go luíonn siad síos ar thaobh gach altóra
ar éide a cuireadh i ngeall,
agus go n-ólann siad i dteach a ndé
fíon na ndaoine a fíneáladh.

9 Ina dhiaidh sin is uile scrios mé na hAmóraigh rompu,
fir a bhí chomh hard leis na céadrais
agus chomh láidir leis na daracha;

scrios mé a dtorthaí os cionn talún
agus a bpréamhacha thíos fúithi.
10 Thug mé aníos sibh fosta ó thír na hÉigipte
agus threoraigh daichead bliain san fhásach sibh
chun go bhfaigheadh sibh dúiche an Amóraigh mar oidhreacht.
11 Thóg mé fáithe as bhur sliocht fir
agus Naizírigh as bhur macra.
Nach amhlaidh atá, a chlann Iosrael?
a deir an Tiarna.

12 Ach thug sibh ar na Naizírigh fíon a ól,
agus d'ordaigh sibh do na fáithe: "Ná déanaigí tairngreacht."
13 Féach, brúfaidh mise síos sibh,
mar a bhrúitear síos trucail lán de phunanna.
14 Ní bheidh an reathaire in ann teitheadh,
caillfidh an tréanfhear a neart,
ní thabharfaidh an gaiscíoch a bheatha slán.
15 Fear an bhogha ní sheasfaidh sé an fód,
ní éalóidh an luathchosach,
ní thiocfaidh an marcach as,
16 an laoch is cróga
teithfidh sé leis gan chathéide an lá sin,
a deir an Tiarna.

Rabhadh do Iosrael

Gairm an Fháidh

3 Éist leis an mbriathar seo a labhair an Tiarna i d'aghaidh, a phobal Iosrael, in aghaidh
na clainne go léir a thug mé aníos ó thír na hÉigipte:

2 Sibhse amháin as ciníocha uile
an domhain a fuair aitheantas uaim;
dá bhrí sin smachtóidh mé sibh
mar gheall ar bhur n-uile pheaca.

3 An siúlann beirt le chéile ar an tslí
gan [aithne] acu ar a chéile?
4 An mbúireann an leon san fhoraois
agus é gan seilg?
An scairteann an coileán leoin óna phluais
agus é gan chreach?
An dtiteann éan isteach i ngaiste ar an talamh
agus gan dada ann chun é a mhealladh?
5 An bpreabann an gaiste aníos ón talamh
agus gan aon rud ceaptha aige?

6 An séideann trumpa sa chathair
gan eagla a theacht ar an bpobal?
An mbuaileann tubaiste an chathair
nach é an Tiarna is cúis leis?
7 Go dearfa, ní dhéanann an Tiarna aon rud
gan a rún a ligean lena sheirbhísigh, na fáithe.
8 Bhúir an leon; cé air nach mbeidh eagla?
Labhraíonn an Tiarna Dia;
cé a d'fhéadfadh gan tairngreacht a dhéanamh?

Díothú na Samáire

9 Fógair é i bpáláis na hAsaíre
agus i bpáláis na hÉigipte agus abair:
"Cruinnigí le chéile ar shléibhte na Samáire
agus breathnaígí uaibh mí-eagar na cathrach sin
agus an leatrom laistigh di."
10 "Níl aon chiall do chothrom na féinne acu,"
a deir an Tiarna,
"ach líonann siad a bpáláis leis an gcreach
a fuair siad le foréigean agus le slad."

11 Dá bhrí sin is mar seo a deir an Tiarna Dia:

“Timpeallóidh an namhaid an tír,
bainfidh sé do chumhacht díot
agus creachfar do pháláis.”

12 Mar seo a deir an Tiarna:

Mar a sciobann an t-aoire ó bhéal an leoin
dhá chois nó leadhb de chluais,
is mar sin a fhuasclófar clann Iosrael
a chónaíonn sa tSamáir,
agus gan ach cnaiste leapa nó trasnán
de chathaoir thoilg slánaithe acu.

In Aghaidh Bhéit Éil

13 Éistigí agus tugaigí fianaise
in aghaidh theach Iacóib,
a deir an Tiarna, Dia na Slua.
14 An lá a smachtóidh mé Iosrael mar gheall ar a chionta,
smachtóidh mé altóirí Bhéit Éil chomh maith:

gearrfar adharca na haltóra anuas
agus titfidh siad ar lár.
15 Scriosfaidh mé idir theach geimhridh
agus theach samhraidh,
bascfar na tithe eabhair
agus scartálfar mórán tithe,
a deir an Tiarna.

Mná na Samáire

4 Éistigí leis an bhfocal seo, a bha Bháiseán,
a chónaíonn ar shliabh na Samáire,
sibhse a chiapann an bochtán, a fháisceann ar an dearóil,
a deir le bhur bhfir chéile:
“Tabhair chugainn deoch go n-ólaimid.”
2 Mhionnaigh an Tiarna Dia dar a naofacht:
féach, tiocfaidh na laethanta oraibh
nuair a sracfar ar shiúl sibh le crúcaí,
go fiú an bhean dheiridh daoibh le duáin iascaigh.
3 Amach a rachaidh sibh tríd na bearnaí,
gach bean agaibh caol díreach amach
agus ruaigfear sibh fhad le Harmón,
a deir an Tiarna.

Ceanndáine agus Pionós

4 Imígí go Béit Éil agus peacaígí,
go Gilgeál agus cuirigí le bhur gcoireanna;
méadaígí bhur n-íobairtí gach maidin,
agus bhur ndeachúna gach tríú lá;
5 ofrálaigí íobairt bhuíochais le laibhín,
foilsígí os ard na híobairtí deonacha,
mar is é sin a thaitníonn libh, a chlann Iosrael,
a deir an Tiarna Dia.

6 D'fhág mé bhur bhfiacla glan in bhur gcathracha uile,
agus arán in easnamh in bhur mbailte;
ach mar sin féin níor fhill sibh orm,
a deir an Tiarna.

7 Choinnigh mé uaibh an fhearthainn fosta,
agus an fómhar trí mhí fós ar shiúl;
thug mé air fearthainn a chur ar chathair amháin
agus gan a chur ar chathair eile;
bhí sé ag cur ar pháirc amháin
agus an pháirc nár tháinig fearthainn uirthi chríon sí.

8 Shiúil pobail dhá chathair nó trí chuig cathair eile
ar lorg fíoruisce, agus níor mhúch siad a dtart;
ach mar sin féin níor fhill sibh orm,
a deir an Tiarna.

9 Bhuail mé le loscadh gaoithe agus le bruth teasa sibh,
bhánaigh mé bhur ngairdíní agus bhur bhfíonghoirt,
mhill na lócaistí bhur gcrainn fígí agus bhur n-ológa;
ach níor fhill sibh orm,
a deir an Tiarna.

10 Bhuail mé le haicíd sibh dála na hÉigipte,
leag mé bhur n-óigfhir leis an gclaíomh,
agus rug mé bhur n-eich uaibh,
líon mé bhur bpolláirí le bréantas bhur gcampaí;
ach mar sin féin níor fhill sibh orm,
a deir an Tiarna.

11 Scrios mé cuid agaibh mar a scrios Dia Sodom agus Gomorá,
agus bhí sibhse mar aibhleog a sciobadh ón tine;
ach mar sin féin níor fhill sibh orm,
a deir an Tiarna.

12 Dá bhrí sin is mar seo a roinnfidh mé leat, a Iosrael,
agus toisc gurb é seo a dhéanfaidh mé ort,
cuir tú féin i gcóir chun casadh ar do Dhia, a Iosrael.

13 Óir, féach, ba é a dhealbhaigh na sléibhte,
a chruthaigh an ghaoth,
a fhoilsíonn a smaointe don duine,
a dhéanann [an chamhaoir agus an dorchadas],
a shiúlann in áiteanna arda an domhain;
is é an Tiarna, Dia na Slua, is ainm dó.

Caoineadh do Iosrael

5 Éist leis an oracal seo a fhógraím i d'aghaidh;
is caoineadh é, a theach Iosrael:
2 Tá an mhaighdean Iosrael ar lár,
ní éireoidh sí níos mó;
óir tá sí tréigthe ar a talamh féin
agus gan aon duine lena tógáil aníos.

3 Óir is mar seo a deir an Tiarna Dia le teach Iosrael:

An chathair a raibh míle saighdiúir aici
ní fhágfar ach céad aici;

agus an chathair a raibh céad aici
ní fhágfar aici ach deichniúr.

Gríosú agus Bagairt

4 Óir is mar seo a deir an Tiarna Dia le teach Iosrael:

Gabh ar mo lorgsa agus mairfidh tú;
5 ach ná gabh go Béit Éil,
agus ná téigh isteach go Gilgeál
ná anonn go Béar Seaba;
mar is cinnte go rachaidh Gilgeál ar deoraíocht
agus go gcuirfear Béit Éil ar neamhní.
6 Gabh ar lorg an Tiarna agus mairfidh tú;
ar eagla go dtiocfadh sé ar theach Iósaef mar chaor thine
agus go n-alpfadh sí é
agus nach mbeadh aon duine ann chun í a mhúchadh
ar son theach Iosrael.

8 Ba é a rinne an Phléadach agus Óiríon,
a dhéanann solas de dhuibhe na hoíche
agus a dhorchaíonn arís an lá,
a ghaireann ar uiscí na farraige

agus a dhoirteann amach iad ar dhromchla na talún;
an Tiarna is ainm dó.
9 Teilgeann sé léirscrios ar an dún,
sa chruth go gcreachtar an daingean.

7 [Is mairg] dóibh siúd
a dhéanann mormónta as an bhfíréantacht
a chaitheann an ceart uathu ar lár;
10 ar fuath leo an fear a chuireann
ceart dlí i bhfeidhm ag an ngeata
agus ar gráin leo an té a insíonn an fhírinne.
11 Ar an ábhar sin, de bhrí go satlaíonn sibh ar an mbochtán,
agus go gcuireann sibh ainchíos cruithneachta air,
na tithe sin a thóg sibh le clocha snoite
ní chónóidh sibh iontu;
na fíonghoirt thaitneamhacha a chuir sibh
ní ólfaidh sibh a bhfíon.
12 Óir is eol domsa iomad bhur gcionta
agus méid bhur bpeacaí;
sibhse a chiapann na fíréin, a ghlacann an bhreab,
a chaitheann an dearóil ar leataobh sa gheata.

13 Ní aon ionadh go bhfanann an fear críonna ina thost ar uair mar seo; mar is olc an uair
atá ann.

14 Iarraigí an mhaith in áit an oilc,
ionas go mairfidh sibh,
agus go mbeidh an Tiarna, Dia na Slua, libh dáiríre
mar a mhaíonn sibh atá sé.
15 Bíodh fuath agaibh don olc agus grá don mhaith;
cuirigí an ceart i bhfeidhm sa gheata;
agus b'fhéidir go nglacfaidh an Tiarna, Dia na Slua,
trua ar iarmhar Iósaef.

Mairgí

16 Dá bhrí sin is mar seo a deir an Tiarna, Dia na Slua, an Tiarna:

Beidh caoineadh i ngach cearnóg baile
agus mairgneach i ngach sráid: "Ochón, ochón."
Glaofaidh siad na feirmeoirí chun mairgní
agus an t-aos caointe chun olagóin,
17 agus beidh caoineadh sna fíonghoirt go léir,
óir rachaidh mise thart in bhur measc,
a deir an Tiarna.

18 Is mairg daoibh atá ag tnúth le lá an Tiarna.
Cad é lá an Tiarna daoibh?
Is dorchadas é agus ní solas;
19 mar dhuine a d’éalódh ó leon
ach gur bhuail béar leis;
nó mar dhuine a rachadh isteach ina theach
agus a leagfadh a lámh ar an mballa
ach gur rug nathair nimhe air.
20 Nach dorchadas é lá an Tiarna agus ní solas,
nach duibheagán é gan dealán ar bith ann?

21 Is fuath liom agus is beag orm bhur bhféilte;
ní bhainim aon sult as bhur gcomhthionóil shollúnta.
22 Bíodh go n-ofrálann sibh bhur n-íobairtí dóite agus bhur n-íobairtí bia,
ní ghlacfaidh mé leo;
agus diúltóidh mé d’íobairtí síochána bhur mbeithíoch méith.
23 Tógaigí uaim torann bhur n-amhrán;
ní éistfidh mé le ceol bhur gcruiteanna.
24 Ach go rithe an fhíréantacht mar uisce
agus an t-ionracas mar shruth gan dísc!

25 Ar thairg sibh íobairtí agus ofrálacha dom
ar feadh an daichead bliain san fhásach, a theach Iosrael?

26 Ach anois ní miste libh Sacút bhur rí,
agus Cíován bhur ndia a iompar,
íomhánna a rinne sibh daoibh féin.
27 Uime sin seolfaidh mé ar deoraíocht sibh taobh thall den Damaisc,
a deir an Tiarna, arb ainm dó Dia na Slua.

6 Is mairg don mhuintir atá sócúil i Síón,
agus a mhothaíonn slán sábháilte ar shliabh na Samáire,
móruaisle scoth cine na gciníocha
ar a mbíonn triall theach Iosrael.
2 Téigí go Calna agus féachaigí,
ar aghaidh libh uaidh sin go Hamát mór,
agus ansin síos go Gat na bhFilistíneach libh;
an fearr iadsan ná na ríochtaí seo?
nó an mó a dtailte ná bhur gcuidse?
3 Sibhse a mheasann an drochlá a chur ar cairde,
is ag luathú réim an uafáis chugaibh féin atá sibh!
4 [Is mairg] dá luíonn ar leapacha eabhair,
a shíneann iad féin ar tholga;
a chothaíonn iad féin ar uain an tréada,
agus ar na gamhna as na stalla;

5 a chanann baothamhráin le fuaim na cruite,
a chumann (ar nós Dháiví) nuaghléasanna ceoil;
6 a ólann fíon i gcoirn
agus a ungann iad féin leis na holaí is tofa;
ach gur cuma leo faoi thurnamh Iósaef.
7 Beidh siad, dá bhrí sin, ar an gcéad dream ar deoraíocht;
agus an mhuintir sínte ar tholga beidh deireadh lena ragairne.
8 Mhionnaigh an Tiarna Dia dar a cheann féin,
– is é an Tiarna, Dia na Slua, a labhraíonn –
Is fuath liom díomas Iacóib,
is beag orm a pháláis;
tréigfidh mé an chathair agus a bhfuil inti.

9 Agus má fhanann deichniúr fear in aon teach gheobhaidh siad bás. 10 An fear gaoil a iompraíonn na cnámha amach as na tithe chun iad a dhó, déarfaidh sé leis an té atá sa chuid is sia isteach den teach: “An bhfuil aon duine i do chuideachta fós?” Freagróidh seisean: “Níl! bí i do thost! caithimid gan ainm an Tiarna a lua.”

11 Óir, féach, ordaíonn an Tiarna féin é;
buaileann sé agus déantar smionagar den teach mór
agus titeann an teach beag as a chéile.
12 An ritheann capaill ar charraigeacha?
An dtreabhtar an fharraige le daimh?

le go ndéanfadh sibh nimh den cheart
agus mormónta de thoradh an ionracais.
13 Tá áthas oraibh faoi Ló Dabár;
“Nach lenár neart féin a ghabhamar Carnáim?” a deir sibh.
14 Ach, féach, a theach Iosrael, a deir an Tiarna, Dia na Slua,
gríosfaidh mé cine in bhur gcoinne,
cine a chiapfaidh sibh isteach ó bhéal Hamát
ó dheas go sileán an Arabá.

Físeanna

An Chéad Trí Fhís

7 Seo an rud a thaispeáin an Tiarna mo Dhia dom:
Is amhlaidh a bhí sé ag cruthú lócaistí
i dtosach an athfháis
– ba é an t-athfhás é a eascraíonn
nuair a bhíonn an fómhar déanta ag an rí.
2 Nuair a bhí féar na tíre go léir nach mór alptha acu, dúirt mise:
“A Thiarna Dia, tabhair maithiúnas, impím ort.
Cad é mar a mhairfidh Iacób
agus é chomh beag sin?”

[3] Agus tháinig aithreachas ar an Tiarna;
“Ní thitfidh sé seo amach,” a dúirt an Tiarna.

[4] Seo an rud a thaispeáin an Tiarna dom:

An Tiarna Dia féin ag fogairt pionóis le tine.
Bhí an duibheagán mór dóite aici,
agus bhí sí ag creimeadh na talún roimpi.
[5] Dúirt mise ansin: “Éirigh as, a Thiarna Dia, impím ort.
Cad é mar a mhairfidh Iacób
agus é chomh beag sin?”
[6] Agus ghlac an Tiarna trua;
“Ní thitfidh sé seo amach ach oiread,”
a dúirt an Tiarna.

[7] Seo an rud a thaispeáin an Tiarna dom:

An Tiarna ina sheasamh cois balla
agus dorú pluma ina láimh aige.
[8] Dúirt an Tiarna liom:
“A Amós, cad é a fheiceann tú?”
“Dorú pluma,” arsa mise.

Ansin dúirt an Tiarna liom:
“Féach, tá mé chun mo phobal Iosrael a thomhas le dorú pluma;
ní ligfidh mé a gcionta leo níos mó.
9 Creachfar áiteanna arda Íosác;
bánófar sanctóirí Iosrael
nuair a thabharfaidh mé ruathar ar theach Iarobám leis an gclaíomh.”

An Sagart i mBéit Éil i gcoinne Amós

10 Chuir Amaiziá, sagart Bhéit Éil, scéal ansin chuig Iarobám, rí Iosrael, á rá: “Tá
Amós ag beartú comhcheilge i d’aghaidh i lár theach Iosrael; ní féidir leis an tír a
bhriathra uile a fhulaingt níos mó. 11 Óir is mar seo a deir sé: ‘Tá sé i ndán do Iarobám bás
a fháil leis an gclaíomh, agus do Iosrael dul ar deoraíocht i bhfad ó bhaile.’” 12 Dúirt
Amaiziá le hAmós: “Imigh leat a fhísí, fill ar thír Iúdá; saothraigh do chuid aráin ansin,
déan do chuid tairngreachta ansin. 13 Níl do thairngreacht uainn anseo i mBéit Éil mar is
ann atá sanctóir an rí, teampall ríoga.” 14 Dúirt Amós le hAmaiziá á fhreagairt: “Ní fáidh
mé ná mac fáidh, ach aoire agus coimeádaí seiceamar; 15 ach ba é an Tiarna a thóg mé ón
mbuachailleacht agus ba é a dúirt liom: ‘Téigh agus tairngir do mo phobal Iosrael.’”

16 Mar sin éist le briathar an Tiarna:

Deir tusa: “Ná tairngir i n-aghaidh Iosrael,
ná bí ag seanmóireacht in aghaidh theach Íosác.”

17 Maith go leor, seo mar a deir an Tiarna:

“Rachaidh do bhean le striapachas sa chathair,
titfidh do mhic agus do iníonacha leis an gclaíomh,
roinnfear d’fhearann leis an dorú,
gheobhaidh tú féin bás ar thalamh truaillithe,
agus rachaidh Iosrael ar deoraíocht
i bhfad i gcéin óna thír dhúchais.”

An Ceathrú Fís

8 Seo an rud a thaispeáin an Tiarna Dia dom:
cliabh de thorthaí aibí.
2 “A Amós, cad é a fheiceann tú?” a dúirt sé.
“Cliabh de thorthaí aibí,” a dúirt mé.

Ansin dúirt an Tiarna liom:

Tá mo phobal Iosrael aibí chun treascairt,
ní ligfidh mé a gcionta leo níos mó.
3 Beidh caointe á gcanadh sa teampall an lá sin,
– is é an Tiarna mo Dhia a labhraíonn –
beidh na corpáin gan áireamh ann
agus i ngach áit cuirfear an tost i bhfeidhm.

Caimiléirí

4 Éistigí leis seo,
sibhse a shatlaíonn ar na hainniseoirí
chun bochtáin na tíre a dhíothú.
5 Sibhse a deir: Cathain a chuirfear deireadh leis an ré nua,
ionas go ndíolfaimid arbhar,
agus leis an tsabóid,
ionas go gcuirfimid ár gcruithneacht ar an margadh,
agus go ndéanfaimid an t-éafá beag agus an seicil mór
trí chaimiléireacht a dhéanamh ar na scálaí,
6 go dtig linn an bochtán a cheannach le hairgead
agus an t-ainniseoir le péire cuarán,
agus go dtig linn fiú barraíl na cruithneachta a dhíol?

7 Mhionnaigh an Tiarna dar mórtas Iacóib.

Go deimhin, ní dhearmadfaidh mé choíche
aon rud dá bhfuil déanta acu.
8 Nach dá bhrí seo a chritheann an talamh
agus a chaoineann gach duine dá gcónaíonn ann?
Tá sí ag borradh ar nós na Níle
agus ag éirí agus ag titim mar Abhainn na hÉigipte?

Bagairtí Eile

9 An lá sin, a deir an Tiarna mo Dhia,
tabharfaidh mé ar an ngrian dul faoi um nóin,
agus clúdóidh mé an tír le dorchadas i lár an lae ghil.
10 Déanfaidh mé údar bróin de bhur n-oilithreachtaí
agus is caointe a bheidh in bhur gcainticí uile;
cuirfidh mé sacéadach um an uile leasrach,
agus bearrfaidh mé bhur gcinn go léir.
Beidh sibh ag caoineadh amhail is dá mba aonmhac a bhí á chaoineadh;
agus is é an chríoch a bheidh air, lá searbh.

11 Féach, tá na laethanta chugaibh,
a deir an Tiarna Dia,
nuair a chuirfidh mé gorta sa tír,
nach gorta bia ná dí é,
ach díth dúile in éisteacht bhriathra an Tiarna.
12 Tuisleofar ó fharraige go farraige;
seachránfar ón tuaisceart soir, ar lorg bhriathar an Tiarna agus gan teacht air.

13 An lá sin titfidh idir chailín deas
agus bhuachaill breá i laige le tart.

14 An dream a mhionnaíonn dar Aisioma na Samáire
agus a deir: “Go maire do dhia, a Dhán!,
go maire Cumhacht Bhéar Seaba!”,
titfidh siad seo uile agus ní éireoidh siad arís go brách.

An Cúigiú Fís

9 Chonaic mé an Tiarna ina sheasamh os cionn na haltóra.
Bhuail sé mullaigh na gcolún agus chrith na hursaineacha.
Dúirt sé: “Scoiltfidh mé iad ar chinn na ndaoine go léir;
maróidh mé a mbeidh fágtha leis an gclaíomh,
ní éalóidh aon duine,
ní thiocfaidh aon duine slán.
2 Má thochlann siad a mbealach go Seól
tarraingeoidh mo lámhsa as iad;
má dhreapann siad go harda neimhe
cuirfidh mé d’iallach orthu teacht anuas.
3 Má théann siad i bhfolach ar bharr Chairmeil
cuardóidh mé agus ropfaidh mé liom iad;
má théann siad i bhfolach uaim
i ngrinneall na farraige ordóidh mé
don Nathair greim a bhaint astu ansiúd.

4 Fiú má chuireann a naimhde i ngéibheann iad
ordóidh mé don chlaíomh iad a mharú ansin,
agus ní le gnaoi ach le holc chucu
a choimeádfaidh mé súil orthu.”

5 An Tiarna Dia na Slua,
baineann sé leis an domhan agus leánn é,
agus caoineann cách dá gcónaíonn ann;
éiríonn borradh sa domhan go léir mar a tharlaíonn sa Níl
agus síothlaíonn arís mar Abhainn na hÉigipte.
6 Ardaíonn sé a staighre suas chun na bhflaitheas,
agus leagann a stua ar an talamh.
Glaonn sé ar uiscí na farraige
agus doirteann sé amach iad ar dhromchla na talún.
Is é an Tiarna a ainm.

7 “Nach ionann domsa sibhse agus clann na nAetóipeach,
a chlann Iosrael,” a deir an Tiarna.
“Nach mise a thug Iosrael aníos ón Éigipt,
nár thug mé chomh maith céanna na Filistínigh ó Chaftór
agus na hAramaeigh ó Chír?
8 Féach, tá súile an Tiarna Dia ar an ríocht pheacúil
agus scriosfaidh mé í de dhromchla na talún;

ach ní mhillfidh mé teach Iacóib go hiomlán,”
a deir an Tiarna.

9 “Óir, féach, ordóidh mé teach Iosrael
a chraitheadh i measc na gciníocha go léir
mar a chraithfeá arbhar le criathar;
ach ní thitfidh an gráinne is lú ar an talamh.
10 Éagfaidh an uile pheacach de mo phobalsa leis an gclaíomh,
iadsan a deir: ‘Ní bhéarfaidh an t-olc orainne
ná ní thiocfaidh sé fhad linn.’”

Dúnadh: Athbhunú Iosrael

11 “An lá sin tógfaidh mé athuair both Dháiví, atá ar lár,
druidfidh mé a bhearnaí,
deiseoidh mé na fothraigh,
atógfaidh mé é mar a bhí anallód,
12 ionas go mbeidh ar a gcumas iarmhar Eadóm
agus na náisiúin uile arb é m’ainmse atá orthu a ghabháil,”
a deir an Tiarna, an té a chuirfidh na nithe sin i gcríoch.

13 “Féach, tiocfaidh na laethanta,” a deir an Tiarna,
“nuair a thiocfaidh an treabhdóir suas leis an mbuannaí,

agus fear brúite na bhfíonchaor suas leis an síoladóir;
silfidh na sléibhte fíon milis
a rithfidh ina slaoda ón uile chnoc.
14 Cuirfidh mé bail ar mo phobal Iosrael athuair;
tógfaidh siad na cathracha scriosta agus cónóidh siad iontu;
cuirfidh siad fíniúna agus ólfaidh siad a bhfíon;
saothróidh siad gairdíní agus íosfaidh siad dá dtorthaí.
15 Suífidh mé ina ndúiche féin iad, agus go deo arís ní sracfar iad
ón tír atá tugtha agamsa dóibh,”
a deir an Tiarna, bhur nDia.